

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ A TRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR 2024**

An Triail Scríofa – 100 MARC

**Trí uair an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.**

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

- 1.** Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):-

Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 2 ag lorg airgid chun níos mó trealaimh a cheannach don Chorpodeachas i do scoil.

- 2.** Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):-

Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig comhlacht i do cheantar ag gabháil buíochais as trí ríomhaire nua a bhronnadh, saor in aisce, ar do scoil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

- 3.** Aistrigh go Gaeilge:-

- (a) Be careful, children, the footpath is slippery.
- (b) Clean your shoes, Ciara, and close the door.
- (c) Collect the copybooks, Niamh, and put them on my table.
- (d) Now boys! You don't have permission to go out to the yard today. It's too wet.
- (e) How many children are absent today?

- (f) Molly! Pick up that piece of paper and throw it in the rubbish bin.
- (g) How did you hurt yourself, Nollaig? Get the First Aid Box, Sorcha.
- (h) Eat up your lunch, children and drink your milk.
- (i) Blow the whistle now, Aisling!
- (j) Put these tables together, Bríd and Liam!

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

- Principal: Ah! Pádraig! I didn't see you at break-time.
 Teacher: I was on the football field with the team. Do you want to speak to me?
 Principal: I was trying to find out if you have organised bottles of water for the match on Friday.
 Teacher: I bought them yesterday.
 Principal: That's great. What time will the match start?
 Teacher: It will start at 11.00 am. I'll make sure that every player gets a bottle of water.
 Principal: Excellent! I'll be there on Friday. I can help you.
 Teacher: That is good news. The children will be happy to have your support.
 Principal: I will allow all the children in Sixth Class to attend.
 Teacher: Great. Thank you! It should be a good match!

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A chailíní! (Suigh) _____ síos ar an mata!
2. A Sheoirse! Ná (abair) _____ an freagra os ard go dtí an deireadh.
3. (Taispeáin) _____ Síle a gúna nua dom inné.
4. Ní (ól: sé) _____ sú oraiste gach lá.
5. (Cuir: siad) _____ cótaí orthu, dá mbeadh an aimsir fuar.
6. An (tabhair: tú) _____ aire do na cuairteoirí amárach, a Nóra?
7. Nach (feic: tú) _____ tú *An Nuacht* aréir?
8. Níor (clois: siad) _____ óna n-aintín le fada.
9. (Oscail: sé) _____ an scoil gach maidin.
10. Dá mbeadh níos mó airgid ag Proinsias, (téigh: sé) _____ ar saoire go dtí an Astráil.
11. An (críochnaigh: tú) _____ an glanadh níos déanaí?
12. (Díol) _____ go leor cístí sa siopa sin gach lá.
13. (Tabhair) _____ na nótaí amach do na páistí amárach.
14. Dúirt an bainisteoir (imreoidh) _____ an fhoireann cluiche dúshláin amárach.
15. Deir Bairbre (dúisíonn) _____ sí ar a hocht a chlog gach Satharn.
16. Dúirt na buachaillí (níor chuala) _____ siad Ed Sheeran ar an raidió inné.
17. Thosaigh sé ag (cuir) _____ sneachta aréir.
18. Nuair a bheidh an obair (déan) _____, glacfaimid sos.
19. Dá (bí) _____ post ann, bhogfainn go Corcaigh.
20. Má (taispeáin: sí) _____ an t-eolas dom, beidh mé in ann cinneadh a dhéanamh.

An Chopail:

21. Ní (altra) _____ é Seosamh.
22. Nach (í) _____ Eibhlín an leabharlannaí nua?
23. Ar (peileadóir) _____ í Nónírín nuair a bhí sí níos óige?
24. Ba (dochtúir) _____ é Fiachra.

An tAinmfhocal

25. Tá an (urlár [fir.]) _____ sin an-ghlan.
26. Bhí an (cailc [bain.]) _____ sa bhosca inné.
27. Tá Clíona ag an (Ollscoil) _____.
28. Bhain na cailíní úsáid as na (uirlisí ceoil) _____ inné.
29. Beidh mé ag labhairt leat ag an (sos) _____.
30. Déanfaidh siad amharcealaíona ag deireadh (an tseachtain) _____.
31. Beidh foireann (na buachaillí) _____ ag imirt amárach.
32. Tá dath (na pinn) _____ sin an-gheal.

An Aidiacht

33. Tá Iarlaith (níos: sean) _____ ná Lorcán.
34. Is é Guagán Barra an áit (is: álainn) _____ sa tír.

An Aidiacht Shealbhach

35. Beidh dreas cainte agam (le: do: aintín) _____ amárach.
36. Tá Tomás (i: a: ball) _____ den chlub amhránaíochta.

An Forainm Réamhfhoclaclach

37. A Ruairí agus a Oisín! Ar éirigh (le: sibh) _____ sa chomórtas díospóireachta?
38. A Ghráinne! Táim an-bhródúil (as: tú) _____.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Aindriú, d'fhág Breandán na camáin thuas sa pháirc. An rachaidh tú _____ chun iad a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Chuaigh Cóilín _____ nuair a stop an bháisteach.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 5: _____.
42. Mairfidh an conradh ceithre (bliaín) _____.
43. Léigh mé an tríú (caibidil) _____ aréir.
44. Beidh seisear (múinteoirí) _____ ag obair sa scoil sin anois.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa uatha den bhriathar ‘caith.’
_____.
46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa iolra den bhriathar ‘cuimhnigh.’
_____.
47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘tabhair.’
_____.
48. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘glanta.’
_____.
49. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘cheannóimis.’
_____.
50. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘téítar.’
_____.

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT **Freagair Ceist 6 nó Ceist 7**

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as Éile Rua an Chéad Seilchí le Gabrielle Ní Mheachair, Cois Life, 2007, 1-5.

Fadó, fadó, in Éirinn, bhí cónaí ar Neid agus ar Bhríd ar oiléán beag taobh le Gleann Garbh i gContae Chorcaí. B'oileán aon teaghlaigh é. Ní raibh duine ar bith eile ar an oiléán, seachas muintir Shuilleabhadh. Ní raibh acu mar chomhluadar ach na róna. Bhí na céadta acu san fharraige thart faoin oiléán, agus ina luí ar na tránná ag sú na gréine. Oileán na Róna a thug daoine ar an oiléán. Mhair Neid agus Bríd ansin go socair sásta ar feadh a saoil. Gach cúpla seachtain théidís ar an mórhír ag siopadóireacht agus chun bualach lena gcairde. B'iascaire é Neid agus b'fheirmeoir í Bríd. Tar éis cúpla bliain saolaíodh cailín dóibh. Cailín álann rua ab ea í. Bhí an-chion go deo acu uirthi.

'Cén t-ainm a thabharfaimid uirthi?' arsa Bríd.

'Caithfear séan-ainm Ceilteach a thabhairt uirthi,' arsa Neid. 'Cad faoi Aoife?'

'Is deas an t-ainm sin, ach ní mór díriú ar ainm atá oiriúnach don ghruaig rua atá uirthi,' arsa Bríd. 'Cad faoi Rua?'

'Is maith liom Rua gan dabht agus sin an dath atá ar a cuid gruaige. Ní ainm cailín é mar sin féin. Ach is féidir Rua a thabhairt mar leasainm uirthi.'

'Tá sé agam! Tá an t-ainm agam! Éile! Éile Rua! Nach ceolmhar an t-ainm é sin?'

'Braithim draíocht ann freisin,' arsa Neid. 'Ba í Éile deirfiúr na Banríona Méabh.'

'Cinnte! B'fhéidir go mbeadh Éile féin ina banríon lá?'

'Ní móide sin!' arsa Neid. Ach is cuma. Is banríon sa teach seo í. Chun an fhírinne a rá is í banríon an oiléain seo againne í freisin.'

'Nach fior sin? Is í banríon Oileán na Róna í. Éile Rua, Éile Rua sin an t-ainm gan dabht,' a chan Bríd. 'Is maith liom é.'

D'fhás Éile Rua ina cailín álann. Bhí súile chomh gorm leis an bhfarraige aici agus folt fada rua gruaige síos lena droim. Ba chailín cineálta í chomh maith. Bhí Neid agus Bríd an-bhródúil aisti. Bhí an-suim ag Éile san fharraige. Bhíodh sí i gcónaí ag impí ar Neid í a ligean amach ar an bhfarraige mhór in éineacht leis.

'A Dhaid, tá mé réidh chun dul sa bhád leat inniu,' a deireadh sí go caoin leis.

'Níl tú. Beidh tú i mbaol. Ní féidir leat teacht amach liom go dtí go mbeidh tú deich mbliana d'aois. Sin mar atá.'

'Ach tá mé móranois,' ar sí go truamhéalach.

'Níl tú mór do dhóthain fós.'

Buntuiscint:

1. Cén áit i gContae Chorcaí a raibh Neid agus Bríd ag cur fúthu?
2. Cén sloinne a bhí ag Neid agus Bríd?
3. Cén tslí bheatha a bhí ag Bríd?

Tuiscint liteartha:

1. Cén fáth a raibh Bríd ag iarraidh an focal 'rua' a chur in ainm a linbh?
2. Cathain a thabharfaidh Neid cead d'Éile Rua dul amach ar an bhfarraige in éineacht leis?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Madra Meabhrach* le hÁine Ní Ghlinn, Cois Life, 2007, 1-6.

‘Dá mbeadh ocht milseán agam agus dá dtabharfainn trí cinn do mo chara, cé mhéad a bheadh fágtha agam?’

‘Ruf, ruf, ruf, ruf, ruf!’

‘Sea! Sin é. Cúig cinn fágtha. Madra maith.’

Bhí Reics go hiontach ar fad ag an mata. Bhíodh Róise de shíor ag tabhairt suimeanna dó. ‘Abair go bhfuil trí chnámh ag do Mhamaí agus seacht gcinn ag do Dhaidí; ansin dá dtabharfaidís cnámh amháin duitse agus cnámh an duine do do bheirt deartháireacha, cé mhéad a bheadh fágtha acu ansin?’

‘Ruf, ruf, ruf, ruf, ruf, ruf?’

‘Ar fheabhas ar fad. Madra maith. Nach tusa an maidrín meabhrach?’

Bhí an-spéis ag Reics sna leabhair freisin. Bhíodh sé i gcónaí ag breathnú ar leabhair scoile Róise. Gach tráthnóna nuair a bhíodh an obair bhaile críochnaithe aici dhéanadh Róise scéal a léamh dó.

Bhí an-mheas ag Róise ar Reics agus bhí an-mheas ag Reics ar Róise. Thuig siad a chéile go maith. Thuigeadh Reics gach rud a deireadh Róise. Thuigeadh sise gach cineál tafainn a dhéanadh seisean.

Maidin amháin agus Róise ag dul ar scoil bhí Reics roimpi ag an ngeata.

‘Ruf, ruf-ruf, ruf-ruf,’ a dúirt sé.

‘Ba mhaith leat teacht ar scoil liom?’ arsa Róise.

‘Ruf!’ arsa Reics agus a eireaball á chroitheadh aige. *Ruf, ruf-ruf, ruf.*’

‘Ba mhaith leat a bheith in ann leabhair a léamh?’

‘Ruf!’ arsa Reics.

‘Níl a fhios agam, a Reics,’ arsa Róise. ‘Ní fhaca mé madra ar scoil riamh.’

Chlaon Reics a cheann go brónach. Chuir sé a eireaball idir a dhá chos dheiridh.

Bhí trua ag Róise dó.

‘Ná bíodh brón ort,’ ar sise. ‘B’fhéidir go mbeidh cead agat dul ann. Cuirfidh mé ceist ar mo Dhaidí agus ar mo Mhamaí anocht. Má tá siadsan sásta cuirfidh mé ceist ar Bhean Uí Dhonnchú. Níl aon mhadra eile sa rang aici – ach ar ndóigh níl gach aon mhadra chomh cliste leatsa.’

An oíche sin labhair Róise lena tuismitheoirí.

‘Madra meabhrach é,’ arsa athair Róise. ‘Bheadh sé go maith in ann don scoil.’

‘Bheadh cinnte arsa an mháthair. ‘Cuir ceist ar Bhean Uí Dhonnchú amárach.’

An mhaidin dar gcionn bhí Reics ag an ngeata arís. A luaithe agus a tháinig Róise amach doras an tí thosaigh sé ag tafann.

‘Ní dhéanfaidh tú dearmad an cheist a chur?’ a bhí á rá aige.

‘Ní dhéanfaidh mé dearmad,’ arsa Róise. ‘Cuirfidh mé ceist ar Bhean Uí Dhonnchú maidin inniu.’

Buntuisceint:

1. Céard a dhéanadh Róise do Reics gach lá tar éis di a hobair bhaile a chríochnú?
2. Céard is ainm do mhúinteoir Róise?
3. Cén gealltanás a thug Róise do Reics ag an ngeata an dara maidin sula ndeachaigh sí ar scoil?

Tuisceint liteartha:

1. Conas go bhfuil a fhios ag Róise gur madra meabhrach é Reics?
2. Conas a chuir Reics in iúl do Róise go raibh sé brónach?

(10 marc)